# Corpoideachas sna bunscoileanna

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chorpoideachas i mbunscoileanna na hÉireann. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

| | | |
|---|---|---|
| tuarascáil | áiseanna | infheistíocht |
| trealamh | ráiteas | ábhar éigeantach |

**Ceist 2** Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé a chuir tuarascáil amach inniu?
2. Cad a deir an tuarascáil faoi bhunscoileanna na hÉireann?
3. Cén fhadhb atá ag bunscoileanna gan hallaí spóirt?
4. Cé mhéid airgid a thug an Roinn Oideachais do gach bunscoil anuraidh chun trealamh do chorpoideachas a cheannach?
5. Cad a mholann an tuarascáil?

**Ceist 3** Féach ar na habairtí thíos:

'*Dúirt* an Roinn Oideachais gur thug siad airgead do gach scoil.'
'*Cheannaigh* na scoileanna trealamh corpoideachais leis an airgead.'

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. _____ na páistí an fhuinneog nuair a bhí siad ag imirt peile. (bris)
2. D'fhág Seán an carr sa bhaile agus _____ sé an traein. (tóg)
3. Bhí an scannán an-fhada agus níor _____ sé go dtí meán oíche. (críochnaigh)
4. Nuair a chuala Bríd an cloigín, _____ sí an doras. (oscail)
5. Bhí lá breithe ag Diarmuid ar an Satharn agus _____ sé go dtí an teach tábhairne lena chairde. (téigh)

**Ceist 4** Féach ar na habairtí thíos:

'Tá roinnt bunscoileanna nach bhfuil *hallaí spóirt* acu.'
'Bíonn *clár ama* ag gach rang sa bhunscoil.'

An féidir leat na focail thíos a chur le chéile? Tá cúpla ceann déanta duit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | hallaí | a | ama |
| 2 | clár | b | láimhe |
| 3 | campa | c | scoile |
| 4 | foireann | d | báistí |
| 5 | liathróid | e | samhraidh |
| 6 | mála | f | póca |
| 7 | cóta | g | glúine |
| 8 | bróga | h | spóirt |
| 9 | fón | i | leathair |
| 10 | ríomhaire | j | peile |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| h | a | | | | | | | | |

**Ceist 5** Féach ar na habairtí thíos:

'Deir an tuarascáil gur cheart *do chorpoideachas* a bheith mar ábhar éigeantach.'
'Ba cheart áiseanna spóirt a chur ar fáil *do bhunscoileanna*.

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort séimhiú a chur ar na focail idir lúibíní.

1. Cheannaigh mé bronntanas do _____ nuair a bhí mé sa Spáinn. (Máire)

2. Ba cheart níos mó airgid a thabhairt do _____ bochta. (páistí)

3. Thug na moltóirí an chéad duais do _____. (Seán)

4. Thug an múinteoir leabhair nua do _____ a rinne an obair bhaile. (daltaí)

5. D'inis Máire an nuacht do _____. (Sinéad)

6. Chuir an rialtas airgead ar fáil do _____ nua. (bóithre)

**Ceist 6** An bhfuil sé tábhachtach corpoideachas a mhúineadh i mbunscoileanna? An bhfuil páistí níos aclaí anois ná mar a bhí fiche bliain ó shin? Cén fáth?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

tuarascáil – *report*
áiseanna – *facilities*
infheistíocht - *investment*
trealamh - *equipment*
ráiteas - *statement*
ábhar éigeantach – *compulsory subject*

**Ceist 2**

1. Parlaimint na hEorpa.
2. Deir an tuarascáil nach bhfuil dóthain corpoideachais sna scoileanna.
3. Bíonn siad ag brath go hiomlán ar an aimsir.
4. 2,000 euro.
5. Molann an tuarascáil gur cheart do chorpoideachas a bheith mar ábhar éigeantach sna scoileanna agus gur chóir traenáil a chur ar mhúinteoirí.

**Ceist 3**
1. bhris
2. thóg
3. chríochnaigh
4. d'oscail
5. chuaigh

**Ceist 4**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| h | a | e | j | b | c | d | i | f | g |

**Ceist 5**
1. do Mháire
2. do pháistí
3. do Sheán
4. do dhaltaí
5. do Shinéad
6. do bhóithre

**Ceist 6**
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eimear Ní Chonaola**

I dtuarascáil atá foilsithe ag Parlaimint na hEorpa, cáintear bunscoileanna na tíre seo as a laghad corpoideachais a dhéantar iontu. Deir an tuarascáil nach gcuirtear dóthain béime ar mhúineadh an chorpoideachais sna scoileanna. Easpa áiseanna agus infheistíochta is cúis leis sin, a deir Cumann Múinteoirí Éireann. Tá tuilleadh faoin scéal ag Caoimhe Ní Chonchille.

**Caoimhe Ní Chonchille**

Níl ach 40% de bhunscoileanna na tíre seo ag déanamh a ngnótha ó thaobh an chorpoideachais de réir na tuarascála nua. Bíonn an leibhéal is ísle corpoideachais san Eoraip ó thaobh ama de ag bunscoileanna anseo agus níl go leor áiseanna agus trealamh ag 6 scoil as gach 10. Tá roinnt bunscoileanna nach bhfuil hallaí spóirt acu agus dá bhrí seo, bíonn siad ag brath go hiomlán ar an aimsir. Deir Cumann Muinteoirí na hÉireann nach bhfuil an Roinn Oideachais ag déanamh go leor infheistíochta le háiseanna spóirt a chur ar fáil do na bunscoileanna.

**Urlabhraí ó Chumann Múinteoirí na hÉireann**

Níl na háiseanna ar fáil. Tá muid ag brath ar an aimsir. Tá sé ag cur…ag tosnú ag cur báistí anois. Má tá tú thíos i scoil bheag, ní féidir corpoideachas a mhúineadh gan áiseanna a bheith agat, go háirithe sa tír atá againn agus an aimsir atá againn.

**Caoimhe Ní Chonchille**

I ráiteas a d'eisigh an Roinn Oideachais dúirt siad gur cuireadh maoiniú de 2,000 euro ar fáil do gach bunscoil anuraidh le trealamh corpoideachais a chóiriú agus a cheannach. Dúirt siad gur dearadh an curaclam corpoideachais ar an mbonn is go bhfuil leibhéalacha difriúla áiseanna ar fáil ó scoil go scoil. Molann an tuarascáil gur cheart do chorpoideachas a bheith mar ábhar éigeantach sna scoileanna agus gur chóir traenáil mar is ceart a chur ar mhúinteoirí, go háirithe iad siúd sna bunscoileanna le dul i ngleic leis an fhadhb seo.

Caoimhe Ní Chonchille, Nuacht TG4